Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 29 Márta 2019
(OR. en)

7872/19
ADD 1

**Comhad Idirinstitiúideach: 2017/0116(COD)**

CODEC 787
AVIATION 67

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le hiomaíocht in earnáil an aeriompair a chosaint agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 868/2004 **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh<br>- Ráiteas |

## Ráiteas ón nGréig

Ba mhaith leis an nGréig buíochas a ghabháil leis an Uachtaránacht as a chuid iarrachtaí teacht ar chomhaontú le Parlaimint na hEorpa ach, faraor, ní féidir léi tacú leis an gcomhréiteach deiridh agus beidh sí ag vótáil ina choinne. Tá éagsúlacht mhór idir thoradh na caibidlíochta agus an Cur chuige Ginearálta, rud nach raibh sásúil don Ghréig cheana, agus ní chuirtear na hábhair imní againn san áireamh leis, ábhair a ardaíodh arís is arís eile ag gach céim den phlé ar an gcomhad seo.

I measc rudaí eile, seo thíos na cúiseanna atá le seasamh na Gréige:

- Tá éiginnteacht dhlíthiúil ann mar gheall ar dhoiléireacht an ábhair agus an easpa soiléireachta maidir le sainmhínithe tábhachtacha áirithe (amhail 'bagairt díobhála', 'leas an Aontais', 'dochar dochúlaithe') agus maidir leis na himeachtaí.

- Tá níos mó débhrí i gceist toisc nach luaitear go follasach na cleachtais a shaobhann an iomaíocht agus nach liostaítear go cuimsitheach na bearta sásaimh oibríochtúla dá bhforáiltear sa togra. Ina theannta sin, níl aon 'ghéarú' ar na bearta sin ag brath ar mhéid na díobhála, agus mar sin níl intuarthacht dhlíthiúil ann, ná nasc idir cleachtas áirithe agus an 'leigheas' ar leith a bheadh air.

- D'fhéadfadh an-tionchar a bheith ag an rialachán ar chaidreamh déthaobhach na mBallstát le tríú páirtithe, i réimse na heitlíochta; is mar gheall, *inter alia*, ar an neamhréireacht ar léir a bheith idir an téacs atá beartaithe agus na forálacha réitigh díospóidí atá i gcomhaontuithe aeriompair déthaobhacha an méid sin. Mar sin, d'fhéadfadh sé bac a chur ar Bhallstáit a n-oibleagáidí idirnáisiúnta a chomhlíonadh dá gcuirfí an Rialachán úd chun feidhme.